

Cuntas Leithreasa 2016

Vóta 8

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 8, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 le haghaidh thuarastail agus speansais Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndéonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear barrachas €1.7 milliún a ghéilleadh don Stáitchiste.

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a chruthú i bhfeidhm agus an Cuntas á ullmhú.

Ina theannta sin, glacadh leis an mbeartas cuntasaíochta seo a leanas maidir le hobair-idir-lámha.

Is é atá i gceist le hobair-idir-lámha ná an luach measta inghnóthaithe a bhaineann le hobair iniúchta a chuirtear i gcrích ag deireadh na bliana sna cásanna sin nár tuairiscíodh tuairim iniúchta.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Oifigeach Cuntasaíochta. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údairithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbheithniú a leanann ar aghaidh.

Seirbhísí Comhroinnte

Aistríodh an feidhmeannas párolla chuig Seirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) ar 1 Feabhra 2016.

Chomhlíon mé mo dhualgais i leith an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse a bhí ann idir an Oifig seo agus Seirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte Acmhainní Daonna agus Próiseála Párolla.

Tá mé ag brath ar litir dhearbhaithe a fuarthas ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm i dtaobh seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Riosca Suntasach Airgeadais

Gearrtar táillí iniúchta ar iniúchtaí áirithe airgeadais de réir Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Is cuid shuntasach d'acmhainní na hOifige iad na táillí seo agus cuireadh roinnt gnáthamh i bhfeidhm le cinntiú go n-aisghabhhtar costais le haghaidh iniúchtaí ábhartha. Áirítear ar na bearta seo

- athbhreithniú bliantúil ar an mbonn lena ngearrtar táillí, athbhreithniú ar aisghabháil na gcostas ar iniúchtaí aonair le himeacht ama san áireamh
- córais a thaifeadann costais iniúchta, dul chun cinn iniúchta agus faisnéis bhilleála
- monatóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis airgeadais, lena n-áirítear costais iniúchta agus aisghabháil táillí.

Tá an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat de nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúcháireacht inmheánach mar seo a leanas:

Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socrúithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe

Deimhním go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus de thuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéis
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an Oifig na treoirlínte, seachas i gcás conartha amháin ar luach €70,000 a bhí liostáilte i mo thuairisceán maidir le Ciorclán 40/2002. Shín an Oifig an conradh i leith seirbhísí fáilteachais ag na rátaí conartha a bhí i bhfeidhm cheana. Reáchtáladh comórtas tairisceana nua i gcomhair seirbhísí fáilteachais in 2017.

Iníúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta

Deimhním go bhfuil feidhmeannas iniúchta inmheánaigh ag an Oifig a fheidhmíonn de réir cairte i scríbhinn atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

Gnólacht phríobháideach a chomhlíonann feidhm na hiniúcháireachta inmheánaí agus pearsanra atá oile go cuí á úsáid acu.

Andrew Harkness

Oifigeach Cuntasáíochta

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Márta 2017

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Rinne Tommy Doherty ó Mazars, Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe faoi Alt 13 den Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 8, Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, ar mo shonsa. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir beartas agus prionsabal caighdeánach cuntasáíochta do chuntais leithreasa.

Bunaithe ar a iniúchadh agus ar a thuairisc, i mo thuairimse, cuireann an cuntas leithreasa i láthair go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 8, Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016.

Seamus Mac Cárthaigh

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

28 Bealtaine 2017

Tuairim don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste de réir Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993

Mar an t-iniúcháir arna cheapadh faoi Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá Cuntas Leithreasa Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 iniúchta agam.

Is don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste amháin a dhéantar an tuarascáil seo, de réir Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Tugadh faoi mo chuid oibre iniúcháireachta sa chaoi is gur féidir liom a chur in iúl don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste na cúrsaí sin a cheanglaítear orm a chur in iúl dó i ndeimhniú mo thuairime agus ní chun críocha ar bith eile. Lánoiread is a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaim le ná ní ghabhaim orm freagracht as an obair iniúcháireachta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá déanta agam, do dhuine ar bith eile seachas an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Iniúchára faoi seach

Faoi Alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*, bíonn an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an gCuntas Leithreasa a ullmhú. Bíonn sé freagrach freisin, inter alia, as cistí poiblí a chosaint agus as rialtacht agus cirte gach idirbheart sa Chuntas Leithreasa.

Is é m'fhreagracht an Cuntas Leithreasa a iniúchadh de réir ceanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Iniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím daoibh mo thuairim maidir leis an gceist an léiríonn an Cuntas Leithreasa go cuí fáltais agus íocaíochtaí an Vóta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016. Tuairiscím duit freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Oifig. Lena chois sin, luaim cibé an bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus a bhí riachtanach chun críocha m'iniúchta agus cibé an dtagann Cuntas Leithreasa na hOifige leis na taifid chuntasaíochta.

An Bunús atá le mo Thuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar Chuntas Leithreasa Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Iniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a fhoilsítear sa Chuntas Leithreasa, agus scrúdú le féachaint an dtagann na hidirbhearta arna dtaifeadh sa chuntas leis an údarás faoina n-airbheartaítear iad a bheith déanta, agus measúnú ar cibé ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí nó nár cloíodh.

Pheanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil an Cuntas Leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair san Cuntas Leithreasa san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go gcuirtear fáiltas agus caiteachas an Vóta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 i láthair go cuí i gCuntas Leithreasa an Vóta d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus nach bhfuil aon ní ann ar gá dom tuairisciú ina dtaobh, de bhun Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Fuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheas mé a bhí riachtanach chun críche m'iniúchta. Is é mo thuairim go raibh taifid chuntasaíochta chuí ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tommy Doherty

I gcomhair agus thar ceann Mazars
Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe
Ionad Fhearchair
Bloc 3
Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2.

18 Bealtaine 2017

Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Cuntas Leithreasa 2016

		2016		2015
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas Cláir				
A	Iniúchadh agus Tuairisciú	12,520	11,567	12,141
Ollchaiteachas		12,520	11,567	12,141
<i>Lúide</i>				
B	Leithreasaí-i-gcabhair	5,759	6,514	6,124
Glanchaiteachas		6,761	5,053	6,017

Farasbarr le géilleadh

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

	2016	2015
	€	€
Farasbarr le tabhairt suas	1,707,576	665,040

Anailís an chaiteachais riaracháin

		2016		2015
		Foráil mheastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	10,291	9,376	9,869
ii	Taisteal agus cothú	546	517	452
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	328	390	378
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	100	70	111
v	Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha	443	416	591
vi	Costais áitreabh oifige	217	176	245
vii	Seirbhísí sainchomhairleoireachta	350	59	36
viii	Táillí dlí	45	66	43
ix	Seirbhísí iniúchta conartha	200	497	416
		12,520	11,567	12,141

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2016

	2016	2015
	€000	€000
Pá	9,376	9,869
Neamhphá	2,191	2,272
Ollchaiteachas	11,567	12,141
<i>Bain</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair (Nóta 4)	6,514	6,124
Glanchaiteachas	5,053	6,017
Athruithe maidir le sócmhainní caipitil		
Ceannacháin	(90)	
Dímheas	367	
	277	97
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha		
Méadú ar fhabhraithe deiridh	308	
Laghdú ar stoc	9	
	317	(417)
Caiteachas díreach	5,647	5,697
Méadú ar luach oibre- idir- lámha	(20)	478
Caiteachas tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	2,823	2,528
Cíosanna Barúlacha	21	244
Costas chláir ghlan	8,471	8,947

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá glansuim an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 8 a iompraíodh in áiteanna eile.

	2016	2015
	€000	€000
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	30	30
Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	1,430	1,368
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	850	615
Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Roinnte	15	—
Cuntas Lárchiste an Stáitchiste	498	515
	2,823	2,528

2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

	Nóta	2016 €000	2015 €000
Sócmhainní caipitil	2.2	1,879	2,156
Obair-idir-lámha	2.3	484	464
		2,363	2,620
Sócmhainní reatha			
Stoic		6	15
Speansais réamhíoctha		106	107
Féichiúnaithe maidir le táillí iniúchóireachta		385	1,441
Ioncam fabhráithe ó tháillí iniúchóireachta	2.5	1,301	503
Iarmhéideanna dochair eile	2.6	129	116
Glanchistiú Státchiste atá Dlíte	2.8	567	1,527
Iomlán na sócmhainní reatha		2,494	3,709
Lúide dliteanais reatha			
Banc agus airgead tirim	2.4	345	1,183
Costais fhabhráithe		125	76
Iarmhéideanna sochair eile	2.7	351	460
Iomlán na ndliteanas reatha		821	1,719
Glansócmhainní reatha		1,673	1,990
Glansócmhainní		4,036	4,610
Arna léiriú ag:			
Cuntas Maoiniú Stáit	2.1	4,036	4,610

2.1 Cuntas Maoiniú Stáit	Nóta	2016 €000	2015 €000
Iarmhéid ag 1 Eanáir		4,610	2,915
Eisiócaíochtaí as an Vóta			
Soláthar mheastacháin	Cuntas	6,761	
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(1,708)	
Vóta glan		5,053	6,017
Costais fheistithe agus troscáin curtha ar fáil ag OOP		—	1,853
Caiteachas (airgead tirim) iompaíodh in áit eile	1	2,823	2,528
Caiteachas neamhairgid tirim – meascósanna	1	21	244
Costas chlárighlan	1	(8,471)	(8,947)
Iarmhéid ag 31 Nollaig		4,036	4,610

2.2 Sócmhainní Caipitil

	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2016	2,152	1,921	4,073
Breiseanna	79	11	90
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2016	<u>2,231</u>	<u>1,932</u>	<u>4,163</u>
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2016	1,719	198	1,917
Dímheas don bhliain	174	193	367
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2016	<u>1,893</u>	<u>391</u>	<u>2,284</u>
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016	<u>338</u>	<u>1,541</u>	<u>1,879</u>
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015	<u>433</u>	<u>1,723</u>	<u>2,156</u>

2.3 Obair-idir-lámha

Sannann obair-idir-lámha luach don obair iniúchta a ndéanfar táille a ghearradh ina leith ach nach bhfuil críochnaithe fós. Ríomhtar luach na hoibre-idir-lámha mar chéatadán den táille iniúchóireachta a aontáidh, bunaithe ar stádas an iniúchta ag deireadh na bliana. Ba é €484,000 (2015: €464,000) luach na hoibre idir lámha ag deireadh na bliana.

2.4 Banc agus Airgead Tirim

	2016	2015
	€000	€000
ag 31 Nollaig		
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta	(543)	(1,228)
Cuntas bhainc thráchtála	198	45
	<u>(345)</u>	<u>(1,183)</u>

2.5 Ioncam Fabhráithe ó Tháillí Iniúchóireachta

Léirítear leis an ioncam fabhráithe ó tháillí iniúchóireachta obair iniúchóireachta atá curtha i gcrích ach nach raibh sonrasc lena haghaidh réitithe ag deireadh na bliana.

2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile

	2016	2015
	€000	€000
ag 31 Nollaig		
Scéim chaiteachais taistil in-fhorchúitithe agus scéim phas taistil	92	79
Caiteachas in-fhorchúitithe ó chomhthionóntaí	25	35
Fionraí tuarastal ilghnéitheacha	12	2
	<u>129</u>	<u>116</u>

2.7 Iarmhéideanna Sochair Eile	2016	2015
ag 31 Nollaig	€000	€000

Suim atá dlite don Stát

Cáin Ioncaim	151	151
Árachas Sóisialta Pá-choibhneasta	105	103
Tobhach Ioncaim	39	50
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	26	32
Cáin Bhreisluaigh	29	17
Ranníocaíochtaí pinsin	—	62
Cáin Mhaoine Áitiúil	1	1
	<hr/>	<hr/>
	351	416
Asbhaintí párolla atá á gcoinneáil ar fionraí	—	40
Asbhaint phárolla Bóthar Haddington	—	4
	<hr/>	<hr/>
	351	460

2.8 Glandliteanas don Státhchiste	2016	2015
ag 31 Nollaig	€000	€000

Farasbarr le géilleadh	1,708	665
Deontas ón Státhchiste nár tarraingíodh	(2,275)	(2,192)
Glandliteanas don Státhchiste	<hr/>	<hr/>
	(567)	(1,527)

Arna léiriú ag:**Féichiúnaithe**

Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	129	116
	<hr/>	<hr/>
	129	116

Creidiúnaithe

Banc agus airgead tirim	(345)	(1,183)
Dlite don Stát	(351)	(416)
Iarmhéideanna sochair: ar fionraí	—	(44)
	<hr/>	<hr/>
	(696)	(1,643)
	<hr/>	<hr/>
	(567)	(1,527)

2.9 Ceangaltas	2016	2015
ag 31 Nollaig	€000	€000

lomlán na gceangaltas in-fhorfheidhmithe de réir dlí	34	18
--	----	----

3 Caiteachas Cláir de réir Fo-cheantheidil

	2016		2015
	Soláthar	Toradh	Toradh
	mheastacháin		
	€000	€000	€000
A Iníúchadh agus tuairisciú			
A.1 Riarachán – pá	10,291	9,376	9,869
A.2 Riarachán - neamhphá	2,229	2,191	2,272
	12,520	11,567	12,141

Athruithe suntasacha

Ba ionann an choigilt iomlán ar chaiteachas sa bhliain agus €953,000. Ba iad seo a leanas na hathruithe suntasacha:

Tuarastail, pá agus liúntais

Bhí tearc-chaitheamh de €15,000 ann de bharr go raibh easnamh foirne i gcomparáid leis an líon foirne a bhí faofa. B'ionann meánlíon na mball foirne i rith na bliana agus 145. Is é 164 an líon foirne faofa. Chuathas i ngleic le cuid den easnamh sin trí chuntasóirí cáilithe a fhosú ar chonarthaí gearrthéarmacha.

Seirbhísí Sainchomhairleoireachta

Bhí tearc-chaitheamh de €291,000 ann sa bhliain. Tá úsáid na sainchomhairleoirí seachtracha ag brath ar nádúr na scrúduithe faoi mar a chinntear iad ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Ní raibh méid suntasach saineolais sheachtraigh ag teastáil i bhfianaise nádúr na scrúduithe a cuireadh i gcrích in 2016.

Seirbhís Iníúchta Chonartha

Maoiníodh caiteachas breise ar an bhfo-cheannteideal (ix) Seirbhísí Iníúchta Conartha de luach €297,000 chun deimhniú tráthúil na gcuntas a éascú ó choigilteas ar fho-cheannteideal (i) Tuarastail, pá agus liúntais. Ceadaiódh an t-aistriú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

4 Fáltais

4.1 Leithreasá-i-gcabhair	2016		2015
	Measta	Réadaithe	Réadaithe
	€000	€000	€000
1 Táillí Iniúcháireachta	5,275	6,112	5,589
2 Fáltais ón asbhaint ar luach saothair lucht na seirbhíse poiblí maidir le pinsin	484	402	535
	5,759	6,514	6,124

Athruithe suntasacha

Bhí ioncam ó leithreasuithe-i-gcabhair €755,000 níos mó ná an sprioc bhuiséadaithe. Ba iad seo a leanas na hathruithe suntasacha:

Táillí Iniúcháireachta

Tráthúlacht chríochnú chlár iniúchtaí na hOifige ba chúis le barrachas de €837,000.

Asbhaint a bhaineann le pinsin

Bhí fáltais ó asbhaintí pinsin €82,000 níos lú ná a bhíodas ag súil leis de bharr an easnaimh i líon na mbuanbhall foirne.

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2016	2015
Líon foirne ag deireadh na bliana (comhionann le fostaithe lánaimseartha)	143	139
	2016	2015
	€000	€000
Pá	8,679	9,130
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	25	58
Ragobair	2	—
ÁSPC an Fhostóra	670	681
Pá iomlán	9,376	9,869

5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	Uasíocaíocht aonair
			2016	2015
			€	€
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	5	1	10,081	9,948
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	1	—	1,743	295

Ní bhfuair ball foirne ar bith eile íocaíochtaí breise i níos mó ná catagóir amháin.

5.2 Luach Saothair an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Íoctar tuarastal an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste amach as Lárchiste an Státchiste, faoi mar a ndéantar soláthar dó in alt 14 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ba é an muirear ar an Lárchiste in 2016 maidir le tuarastal an Ard-reachtair Cuntas agus Ciste ná €175,742 (2015: €182,500). Faoi mar a fhoilaítear in Alt 33 den Bhunreacht, ní féidir leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste aon oifig ná post le luach saothair eile a bheith aige/aici.

5.3 Luach Saothair an Oifigh Cuntasaíochta

Ba é an muirear ar an Vóta in 2016 maidir le luach tuarastail an Oifigh Cuntasaíochta ná €138,546 (2015: €135,809).

5.4 Liúntais do ghníomhú ag leibhéal níos aired

Fuair aon bhall foirne amháin liúntais as glacadh le ról a mbaineann gráid níos airde leo. Ba é an costas iomlán ná €10,081 (2015: €37,558).

5.5 Ró-íocaíochtaí Pá

Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a chuireann seirbhísí párolla agus acmhainní daonna ar fáil. Tarlaíonn ró-íocaíochtaí ar roinnt cúiseanna éagsúla, mar shampla, nuair a ghlacann ball foirne saoire gan phá faoi ghearrfhógra nó nuair a sháraítear teorainneacha saoire breoiteachta. B'ionann na ró-íocaíochtaí a bhí fós amuigh ag deireadh na bliana agus €25,239, a bhain le 8 fostaithe (2015: €0). Fuarthas €7,103 (2 fhostaithe) den iarmhaid amuigh ar ais agus tá socraithe déanta freisin maidir le haisiúc €14,769 (4 fostaithe). Tá an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ag déanamh socruithe leis an iarmhaid a fháil ar ais sna cásanna eile.

6 Ilghnéitheach

Ba iad costais iomlána an Choiste Iniúchta ná €709 i 2016 (€1,773 i 2015).